
# AOIBHNEAS

Bealtaine



Éalú Aodh Rua

# Uisce



Tá dhá rud uainn le bheith beo: aer agus uisce. Ní mhairfimis ach cúpla nóiméad gan aer, agus ní mhairfimis ach cúpla lá gan uisce. Tá uisce tábhachtach. Is é an ceimiceán is líonmhaire inár gcorp. Tá 60% dár meáchan déanta d'uisce! Braitheann gach córas inár gcorp ar uisce. Mar shampla, glanann sé toscainí amach as ár gcorp, iompraíonn sé cothaithigh (nutrients) chuig ár gcealla (cells), agus coinníonn sé ár gcluas, ár srón, agus ár scornach tais.

Mura n-ólfaimid go leor uisce ní bheidh ár gcorp ábalta oibriú mar is ceart. Díhiodráitiú (dehydration) an t-ainm atá ar an staid seo. In amanna bímid tuirseach gan fuinneamh agus is gá dúinn tuilleadh uisce a ól chun sinn a chur i gceart arís. Caillimid uisce gach lá nuair a dhéanaimid anáil, nuair a chuirimid allas agus nuair a théimid chuig an leithreas. Chun oibriú i gceart, caithfimid bia a ithe agus deochanna a ól le teacht ar an uisce atá uainn inár gcorp.

Mar sin, cé mhéad uisce ba chóir dúinn a ól gach lá? Deirtear gur chóir do bhuachaillí idir 9-13 bliana d'aois 2.4 lítear uisce a ól gach lá agus gur chóir do chailíní idir 9-13 bliana 2.1 lítear a ól! Má dhéanann duine cuid mhór aclaíochta, beidh i bhfad níos mó uisce i gceist. Beidh a fhios ag na heolaithe in bhur measc gurb é $H_2O$ an t-ainm eolaíochta atá ar uisce mar tá móilín (molecule) uisce déanta de dhá adamh (atom) hidrigine agus d'adamh amháin ocsaigine.





UISCE ÉIREANN : IRISH WATER






Tá uisce an-tábhachtach don bheatha mar go mbraitheann gach rud air. Braitheann ainmhithe agus plandaí ar uisce le bheith beo agus dá réir sin, dá bhfaigheadh na hainmhithe go léir agus na plandaí go léir bás ní bheadh go leor le hithe againn agus ní beadh ocsaigin go leor againn agus gheobhaimis uile bás!



Le tábhacht uisce a thuiscint, smaoinigh ar na híomhánna sin ar an teilifís a thaispeánann mná nó cailíní san Afraic ag siúl ocht gciliméadar chuig tobair chun crocán d'uisce salach a iompar ocht gciliméadar abhaile arís ar a gcloigeann. Is acmhainn luachmhar é an t-uisce agus níor chóir dúinn é a chur amú. Chosain sé €1.2 billiún (€1,200,000,000)le huisce a chur ar fáil in Éirinn sa bhliain 2010. Meastar go n-úsáideann gach duine sa tír 150 lítear uisce gach aon lá – is é sin dhá fholcadán lán d'uisce - nó 54,750 lítear sa bhliain. Tá cithfholcadáin géar ar an uisce freisin: má chaithimid 7 nóiméad faoi ghnáthchithfholcadán úsáidfimid 49 lítear uisce the, ach úsáidfimid 175 lítear má chaithimid an tréimhse ama céanna faoi chithfholcadán cumhachta. Dá ngearrfaimis nóiméad amháin as d'am sa chithfholcadán, shábhálfaimis 9,000 lítear sa bhliain. Cuirimid a lán uisce amú agus sinn ag scuabadh ár gcuid fiacla; úsáidimid thar ar 6 lítear gach nóiméad. Dá gcuirfimis as an sconna agus an scuabadh ar siúl, shábhálfaimis 7,000 lítear sa bhliain.


Is dócha nach gcuirfimid an oiread sin uisce amú feasta nuair a chuirfidh Bord Uisce Éireann isteach na méadair uisce nua!







# CROSFHOCAL



## Trasna

1. Feiceann tú iad sa spéir (8)
6. Duine a scríobhann lena lámh chlé (6)
7. Dathúil, dóighiúil (6)
8. Ainmhí fiáin oíche (4)
9. Codlaíonn tú inti (5)
10. Tagann sí ón spéir agus bíonn tormán ard léi (9)

## Anuas

1. Mura bhfuil cogadh ann, tá -------- ann (8)
2. Focal eile do réiteoir (7)
3. Cathair agus contae in Éirinn (9)
4. Focal eile do 'clann' (9)
5. Rí na n-éan (5)

# Comharthaí in Easnamh

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 64 | | 16 | | 9 | | 19 | = | 17 |
| 5 | | 25 | | 64 | | 7 | = | 27 |
| 13 | | 56 | | 3 | | 4 | = | 92 |
| 81 | | 18 | | 9 | | 12 | = | 84 |
| 100 | | 79 | | 4 | | 12 | = | 7 |
| 1000 | | 10 | | 56 | | 47 | = | 91 |
| 203 | | 67 | | 8 | | 23 | = | 40 |
| 59 | | 86 | | 55 | | 5 | = | 38 |

# Pirimid Uimhreach




Líon isteach na ciorcail leis na huimhreacha cuí


Is ionann an uimhir sa chiorcal i lár an dá chiorcal faoi agus suim na n-uimhreacha sa dá chiorcal sin:

A
B C
A=B+C

# Éalú Aodh Rua



Bhí teannas in Éirinn idir na Taoisigh Ghaelacha agus na Sasanaigh, go háirithe i gCúige Uladh. Ba é Aodh Rua Ó Dónaill an mac ba shine a bhí ag Taoiseach Thír Chonaill. Sa bhliain 1587, nuair a bhí Aodh Rua cúig bliana déag d'aois, bhí sé ar cuairt ag cairde in aice Loch Súílí. La amháin, sheol long mhór le lasta fíona ar bord suas an loch go Ráth Maoláin. Fuair Aodh Rua agus a chairde cuireadh le dul ar bord chun an fhíon a bhlaiseadh. Ach ní raibh ann ach cleas, mar go tobann, fuadaíodh iad agus tugadh go Caisleán Bhaile Átha Cliath iad mar phríosúnaithe Shasana.



Tar éis trí bliana, d'éirigh leo éalú óna bpríosún ach gabhadh iad arís. Ní raibh na bairdéirí róshásta. "Cuirfimid sibh i slabhraí" ar siad. "Ní bheidh sibh in ann éalú chomh héasca sin an dara huair" ar siad. Bhí siad san fhaopach i gceart ansin!



Ach bhí cairde ag Aodh Rua lasmuigh agus ní dhearna siad dearmad air.
Faoi rún cuireadh rópa fada agus raspa (file) chuige. Ghearr Aodh agus an bheirt chairde na slabhraí agus rinne siad an dara hiarraidh saoirse a bhaint amach.



Oíche fhuar Eanáir a bhí ann . Cheangail Aodh Rua an rópa thart ar bharraí a gcillín agus duine i ndiaidh, duine, lig siad iad féin anuas go talamh, áit a raibh beirt treoraí ag feitheamh leo.



Ba ghearr gur fhág siad cathair Bhaile Átha Cliath ina ndiaidh agus thug siad aghaidh ar shléibhte Chill Mhantáin. Thiontaigh an fhearthainn go sneachta agus flichshneachta agus bhí stoirm ag réabadh. Ba iad a bhí sioctha go smior.



Bhí fear acu, Art Ó Néill, rólag le dul ar aghaidh níos faide agus chuaigh na treoraithe ar aghaidh chun cuidiú a fháil. Nuair a phill siad bhí Art Ó Néill ina luí sioctha, marbh. Chuir siad é ar thaobh an tsléibhe agus d'iompair siad an bheirt eile go dún Uí Bheirne, Taoiseach Gaelach, i nGleann Molúra i gContae Chill Mhantáin.




Sa deireadh thiar thall, shroich Aodh Rua Tír Chonaill agus ba mhór an ceiliúradh a bhí ann i ndún a athar. Chuir a athair é i gceannas Chlann Uí Dhónaill agus chaith sé a shaol ag troid ar son shaoirse na nGael.

# CÓD

| A | Á | B | C | D | E | É | F | G | H | I | Í | L | M | N | O | Ó | P | R | S | T | U | Ú |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 |

Cad dó a seasann na grúpaí figiúrí seo?



1. 15,12 15,6,1,19,21 9,16 4,22,19 13,6 4,10,7,11,13,6

1. ___ ___ ___ ___ ___ ___

2. 4,22,11,19, 20,12,16,5,1, 1,19, 9,10,1,2,10,1,19, 1,9,22,20, 11,20 9,1,2,10,1,19, 11 9,4,17,15,1,12 7

2. ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___



3. 14,1,19,2,10 13,6 21,1,6 1,9,22,20, 14,1,19,2,10 9,1,15 7

3. ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___

4. 15,12,13 1,16,15 21,11,15,21,6,2,15 14,1,19 5,16 21,10,11,15,21,6,2,15 8,7,11,15

4. ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___

# Ceacht Iomlánaithe

________ Micheál a obair bhaile (ina dhiaidh) sa teach.

________ an t-oibrí na héadaí go cúramach sa níochán.

________ an broc go domhain sa talamh chun brocach a dhéanamh.

________ an cailin síos agus thóg sí an chailc den urlár.

________ an múinteoir ar an chlár bhán.

________ an buachaill a chóta ar an chrúca ar an bhalla.

________ an buachaill dána an fhuinneog.

________ an chearc an talamh ar lorg gráinne.

________ an beirt bhan lámha nuair a casadh ar a chéile iad.

________ an tsaileach nuair a shéid an ghaoth láidir.

________ an fear an chloch isteach san uisce.

________ an custaiméir as na hearraí a cheannaigh sé.

________ an fia a ceann nuair a chuala sí an fhuaim.

________ an cónar go cúramach isteach san uaigh.

________ an duine cruálach an madra.

________ an bhean an leabhar ar an tábla.

________ an cailín an bréagán ón urlár.

________ an siopadóir an doras.

________ Máire a dinnéar.

________ a chuid tae.

| | | | |
|---|---|---|---|
| D'fhill | Bhuail | Chroch | |
| D'íoc | Bhris | Chaith | |
| Scríobh | Chuir | D'fhág | Íslíodh |
| Scríob | Thochail | Lúb | |
| Chroith | D'ól | D'ardaigh | Thóg |
| D'ith | Chrom | Dhún | |

# An Bhean Chliste

Bhí fear ina chónaí in Éirinn i bhfad ó shin agus ní raibh aige ach an t-aon mac amháin. Fuair a bhean chéile bás roinnt blianta roimhe sin agus bhí an bheirt acu ina gcónaí i dteach beag ceann tuí as sin amach. Ní raibh an mac ar an duine ba chliste ar domhan, an créatúr, ach rinne a athair a dhícheall é a thógáil chomh maith is a bhí ar a chumas. Ach níos sine a bhí sé ag éirí, bliain i ndiaidh na bliana, go dtí gur shocraigh a athair gur cheart dó bean óg a fháil dó féin agus í a phósadh. "Ach cá bhfaighinn-se bean, a athair" ar sé "agus cad é an dóigh a dtabharfainn faoi í a phósadh?"

Rinne a athair a mhachnamh ar feadh tamaill agus ansin lá amháin dúirt sé lena mhac: "An bhfeiceann tú na caoirigh sin amuigh sa pháirc?" "Bhuel, tabhair leat iad isteach chun an aonaigh sa bhaile mhór." "Cé mhéad orthu?" arsa an mac.


"Bíodh na caoirigh agus a luach abhaile leat" arsa an t-athair.






Thug an mac na caoirigh leis chun an aonaigh, cé nach raibh fhios aige cad é le déanamh leo. Nuair a d'iarr daoine luach na gcaorach air, dúirt sé go raibh na caoirigh agus a luach le bheith abhaile leis ón aonach. Thosaigh siad ag gáire faoi ach ag deireadh an lae tháinig cailín óg agus d'iarr sí luach na gcaorach air. D'inis sé di. "Feicim" ar sí; "fan ansin go dtiocfaidh mé ar ais."

D'fhill sí go luath le deimheas (shears) ina lámh aici agus bhearr sí na caoirigh. Ansin dhíol sí an olann agus thug sí an t-airgead don mhac. Nuair a chuaigh sé abhaile d'fhiafraigh a athair de conas a d'éirigh leis ag an aonach."D'éirigh go maith liom, a athair" ar sé agus shín sé cnapán airgid chuige. "Agus an bhfuil na caoirigh abhaile leat, a mhic? arsa an t-athair. "Tá, bhuel," arsa an mac. Nuair a chuala an t-athair an scéal iomlán, ar sé: "Téigh ar ais chun an bhaile mhór go gasta agus déan teagmháil leis an bhean óg sin." "Is í sin an bhean duitse". Pósadh iad go gairid ina dhiaidh agus bhí saol sona sásta acu agus leoga bhí saol sona sásta ag an athair fosta!



MICÍ S'AGAINNE
MICÍ, AN BHFUIL SÉ FÍOR GO BHFUIL PRÓCA ÓIR AG BUN AN BHOGHA BHÁISTÍ?
BHUEL...
NÍL ACH BEALACH AMHÁIN LE FÁIL AMACH!
GO DÍREACH
ACH...
BHUEL, SEO AN ÁIT INA RAIBH SÉ.
AH! SIN É!
BÍ CINNTE AGUS MARCÁIL AN ÁIT AN CHÉAD UAIR EILE!
CEART GO LEOR.
BHFUIL TÚ CINNTE GUR SEO AN ÁIT?
TÁ! SEO É GO DEIMHIN.
MHARCÁIL MÉ AN ÁIT DÍREACH IN AICE LEIS AN CHARRAIG MHÓR SIN.
!
BÍ AG TOCHAILT!
CAD ATÁ Á DHÉANAMH AGAIBH? IMÍGÍ AS MO THALAMH, A BHITHIÚNAIGH!
WAF! WAF!
PRÓCA ÓIR, MO THÓIN!
SEA, AGUS TÓIN THINN, LENA CHOIS SIN!


# Réaltaí & Cruthanna



Faigh compás, cuir a bhior ar pháipéar, cas an ceann eile de thart ar a ais agus beidh ciorcal agat. I bhfad ó shin, roinn na seanmhatamaiticeoirí an ciorcal ina 360 'céim'. Dá réir seo tá 90 céim i ndronuillinn (an ceathrú cuid de chiorcal), agus 180 céim sa ghnáthuillinntomhas. Seo roinnt cruthanna suimiúla is féidir a tharraingt le cuidiú uillinntomhais agus compáis.


**A**








(**A**) Tarraing ciorcal ar bhileog pháipéir agus marcáil ga ar bith ann, AB. Cuir lár an uillinntomhais ar *A* agus cuir marc gach 72° thart ar imlíne an chiorcail. Anois tá cúig phointe agat agus iad comhfhad óna chéile, 1,2,3,4 agus 5. Má tharraingíonn tú líne dhíreach ó phointe go pointe i ndiaidh a chéile beidh peinteagán rialta agat. (**B**) Má fhágann tú pointe ar leataobh gach babhta agus an líne a tharraingt óna 1 go dtí a 3, a 2 go dtí a 4, a 3 go dtí a 5, 4 go dtí a 1 agus 5 go dtí a  2 beidh réalta cúig rinn agat. Cuir dathanna ar na réalta seo agus sin dearadh deas agat.


**C**




**D**




(**C**) Tarraing ciorcal eile, déan leis an uillinntomhas mar a rinne tú cheana ach an uair seo cuir marc 60° thart ar imlíne an chiorcail. Tarraing líne ó phointe 1 go dtí 2, a 2 go dtí a 3 agus mar sin agus beidh figiúr rialta shé shleasach agat ar a dtugtar heicseagán. (**D**) Tarraing líne ó phointe 1 go dtí 3, a 2 go dtí a 4, a 3 go dtí a 5 mar a rinne tú cheana agus beidh réalta sé rinn agat. Déanann an figiúr seo ornáid dheas fosta.





OCHTAGÁN

Le réalta ocht rinn a tharraingt, cuir ocht marc timpeall imlíne chiorcail, ceann gach 45°. Ach líne a tharraingt ó cheann go ceann acu seo i ndiaidh a chéile beidh ochtagán agat. Má fhágann tú pointe ar leataobh gach babhta beidh réalta ocht rinn agat. Le réalta naoi rinn a tharraingt, cuir marc gach 40° timpeall imlíne chiorcail. Le réalta deich rinn a tharraingt, cuir marc gach 36°timpeall imlíne chiorcail. Is léir duit faoin am seo conas réalta a tharraingt a mbeidh do rogha féin méid ranna uirthi. Roinn 360°, an ciorcal iomlán, ar an uimhir atá de dhíth ort. Féach chuige gur féidir é a roinnt go cothrom, ar ndóigh. Mar shampla, le réalta 12 rinn a tharraingt is gá marc a chur ar an imlíne gach 30°, (360 roinnte faoi 12).



Is féidir spraoi a bheith agat le cúlraí éagsúla d'fhuinneoga ghloine dhaite, mar atá déanta sa phictiúr seo. Ar ndóiche is féidir triantáin, cearnóga, dronuilleoga, heicseagáin nó ochtagáin a úsáid. Baineadh úsáid as peinteagáin neamhrialta sa phictiúr seo.
Déanann diamaint cúlra taitneamhach ach bí cinnte go bhfuil cruth diamaint ar d'fhuinneog! Seans go ndéanfaidh an múinteoir an teasaláid a phlé sa rang matamaitice.



# Cód-Fhocal

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | ■ | ■ | ■ | ■ | 5 | 8 | 13 | 9 | 17 |
| 3 | ■ | 11 | ■ | ■ | 6 | ■ | ■ | ■ | 7 |
| 12 | 8 | 13 | 11 | 9 | 15 | 12 | 14 | ■ | 1 |
| ■ | ■ | 3 | ■ | ■ | 16 | ■ | ■ | ■ | 11 |
| 9 | ■ | 4 | 8 | 15 | 16 | 2 | 9 | 4 | 14 |
| 15 | ■ | 9 | ■ | ■ | 2 | ■ | ■ | 9 | ■ |
| 17 | 10 | 15 | 5 | 2 | 8 | 12 | ■ | 11 | ■ |
| 16 | ■ | 13 | ■ | ■ | 12 | ■ | ■ | 14 | ■ |
| 15 | ■ | 2 | ■ | ■ | ■ | ■ | ■ | 9 | ■ |
| 7 | ■ | ■ | ■ | ■ | ■ | ■ | ■ | 15 | ■ |
| 12 | 2 | 9 | 16 | 9 | 4 | 14 | ■ | 13 | ■ |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | | 10 | |
| 2 | | 11 | |
| 3 | Ó | 12 | G |
| 4 | | 13 | R |
| 5 | | 14 | |
| 6 | | 15 | |
| 7 | | 16 | L |
| 8 | O | 17 | S |
| 9 | A | ■ | |

T H P Á I

N E C D U

Sna boscaí buí, seasann an uimhir, ina bhfuil litir, don litir sin. Seasann na huimhreacha eile do na litreacha lasmuigh den ghreille ach níl siad in ord. Oibrigh amach, ón ghreille mhór, cad dó a seasann na huimhreacha eile. Nuair a bheidh tú réidh, beidh sé cosúil le X-Fhocal críochnaithe.

# Sudoku





6 X 6

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 3 | | 1 |
| | | 4 | | | |
| | 4 | | | | |
| 5 | | | 2 | 3 | |
| | | | 6 | | 3 |
| 6 | | | | 5 | |






9 X 9

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |
| | | | 7 | 3 | | 5 | 2 | 4 |
| 9 | 7 | | | | | 3 | | 6 |
| | 3 | | | 8 | | 6 | 5 | |
| | | 5 | 6 | 7 | | | | |
| | 8 | | | 5 | | 9 | 7 | |
| 2 | 4 | | | | | 1 | | 8 |
| | | | 3 | 4 | | 7 | 6 | 9 |
| | | | | | | | | |



